2026/2329

23.10.2026

MOLADH (AE) 2026/2329 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Deireadh Fómhair 2026

maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreacht N-nítreasaimíní i mbia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim in 2023 maidir leis na rioscaí do shláinte an duine a bhaineann le láithreacht N-nítreasaimíní (N-NAnna) i mbia ([1]). Sa tuairim sin, rinne an tÚdarás measúnú ar na deich N-níotrósaimín charcanaigineacha (TCNAnna) is eol a bheith i mbia, is iad sin N-níotrósaidhémheitiolaimín (NDMA), N-níotrósaimeitileitiolaimín (NMEA), N-níotrósaidhé-eitiolaimín (NDEA), N-níotrósaidhéphróipiolaimín (NDPA), N-níotrósaidhébhúitiolaimín (NDBA), N-níotrósaimeitiolanailín (NMA), N-níotrósaimeitiolanailín (NSAR), N-níotrósamorfóilín (NMOR), N-níotrósaipipiridín (NPIP) agus N-níotrósaipipiridín (NPYR). Tháinig sé ar an gconclúid go n-eascraíonn ábhar imní sláinte as an gcorrlach nochta le haghaidh TCNAnna ar leibhéil nochta níos airde.

(2) Mhol an tÚdarás go mbaileofaí níos mó sonraí tarluithe maidir le láithreacht TCNAnna i bhfeoil phróiseáilte agus i mbianna próiseáilte eile agus maidir le táirgí a chócaráiltear ar bhealaí éagsúla, agus na breiseáin bhia níotráití (E 251-252) agus nítrítí (E249-250) curtha leo nó gan iad curtha leo. Mhol sé freisin go bhfaighfí sonraí maidir le N-NAnna carcanaigineacha a d'fhéadfadh a bheith i mbia seachas na TCNAnna. Ina theannta sin, mhol sé go ndéanfaí tuilleadh oibre chun modh anailíseach íogair a chaighdeánú chun na N-NAnna carcanaigineacha, idir sho-ghalaithe agus do-ghalaithe, i dtáirgí bia éagsúla a chainníochtú. Ar deireadh, mhol an tÚdarás go mbaileofaí tuilleadh faisnéise maidir leis na tosca as a n-eascraíonn leibhéil réasúnta ard N-NAnna i mbianna áirithe chun a bheith in ann na bearta a shainaithint lena seachnaítear nó lena laghdaítear láithreacht N-NAnna sna bianna sin.

(3) Ba cheart torthaí an fhaireacháin ar N-nítreasaimíní a bheith iontaofa agus inchomparáide, agus tá sé tábhachtach, go háirithe, go mbeadh Teorainn Chainníochtaithe (TC) íseal ag an modh anailíse. Dá bhrí sin is iomchuí moltaí a dhéanamh maidir leis an tsampláil agus na modhanna anailíse.

(4) Dá bhrí sin is iomchuí a mholadh go ndéanfaí faireachán ar N-NAnna i mbia, go sainaithneofaí na tosca as a n-eascraíonn a leibhéil arda, agus go mbaileofaí tuilleadh faisnéise faoi na bearta atá molta chun láithreacht N-NAnna sna beathaí sin a sheachaint nó a laghdú.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

(1) Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar le hoibreoirí gnólachta bia, faireachán a dhéanamh ar láithreacht N-NAnna, nó TCNAnna ar a laghad, i mbia, go háirithe i dtáirgí feola leasaithe, in éisc phróiseáilte, i ndeochanna alcólacha, i nglasraí próiseáilte, i ngránaigh phróiseáilte, i mbainne agus i dtáirgí déiríochta, agus i mbianna coipthe, picilte agus spíosraithe.

(2) Moltar go ndéanfar an tsampláil chun críoch faireacháin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún ([2]). Ba cheart modhanna anailíse a bheith bunaithe ar mhais-speictriméadracht sraithe (MS/MS) in éineacht le crómatagrafaíocht leachta (LC-MS/MS) nó gáis (GC-MS/MS). I gcás ina gcuirtear brath le hanailíseoir fuinnimh theirmigh nó modhanna anailíse eile i bhfeidhm, ba cheart fianaise a bheith ar fáil a léiríonn go ngineann siad torthaí iontaofa le haghaidh N-NAnna aonair.

([1]) Painéal CONTAM EFSA (Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra, Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca ar N-nítreasaimíní i mbia. EFSA Journal [Iris EFSA] 2023; 21(3):7884, 278 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7884.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún an 28 Márta 2007 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil riandúl agus éilleán próiseála in earraí bia (IO L 88, 29.3.2007, lch. 29. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/333/oj).

(3) Ba cheart an teorainn chainníochtaithe (TC) a bheith níos ísle ná 1 µg/kg chun láithreacht gach TCNA seachas NSAR a chinneadh, agus gan bheith níos airde ná 5 µg/kg le haghaidh N-NAnna eile. I gcás NSAR, ba cheart an TC a bheith chomh híseal is féidir.

(4) Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar le hoibreoirí gnólachta bia, imscrúduithe a dhéanamh chun na tosca a shainaithint as a n-eascraíonn leibhéil arda N-NAnna i mbia, agus faisnéis a bhailiú faoi na bearta atá le glacadh chun láithreacht N-NAnna a sheachaint nó a laghdú sna bianna lena mbaineann.

(5) Ba cheart do na Ballstáit agus d'oibreoirí gnólachta bia na sonraí arna mbailiú a sholáthar don Údarás lena dtiomsú i mbunachar sonraí amháin i gcomhréir le ceanglais na Treoraíochta ón Údarás maidir leis an Tuairisc Chaighdeánach ar Shamplaí (TCS) le haghaidh Bia agus Beatha agus le ceanglais tuairiscithe shonracha bhreise an Údaráis ([3]). I gcás feoil phróiseáilte agus bianna próiseáilte eile, ba cheart dóibh a thuairisciú ar úsáideadh níotráití nó nítrítí mar bhreiseán bia. I gcás ina dtuairiscítear suim TCNA, sa bhreis ar leibhéil na N-nítreasaimíní aonair, ba cheart suim cuimse íochtair na N-nítreasaimíní aonair a bheith sa tsuim a thuairiscítear.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

([3]) https://www.efsa.europa.eu/en/call/call-continuous-collection-chemical-contaminants-occurrence-data-0.